An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht ar chúrsa
i gColáiste Gaeilge

TUAIRISC

Coláiste Árainn Mhór
Árainn Mhór, Contae Dhún na nGall
Cód tagartha: CGU101

Dáta na cigireachta: 28 Meitheamh 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

RÉAMHRÁ

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe de chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge gach bliain thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG). Eascraíonn an tuairisc ar an gcúrsa Gaeilge seo as breathnóireacht ar theagasc, foghlaim agus imeachtaí cultúrtha, as idirghníomhú le scoláirí agus comhphlé leis an mbainistíocht, agus as iniúchadh ar cháipéisíocht ábhartha.

ACHOIMRE AR CHINNTÍ AGUS MOLTAÍ LE hAGHAIDH TUILLEADH FORBARTHA

Príomhchinntí

- Bhain cleachtas éifeachtach le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama agus bhí láidreachtaí suntasacha go feiceálach i ranganna sinsearacha go háirithe.
- Bhí fianaise shoiléir le feiceáil sna ceachtanna ba bhisiúla ar dhul chun cinn suntasach na scoláirí san fhoghlaim.
- Bhain na scoláirí an-taitneamh agus an-tairbhe as na himeachtaí iarnóna dea-eagraithe a bhain le ceol, amhráin agus rincí Gaelacha a bhlaiseadh ar bhealach taitneamhach.
- Bhí cáilíocht cheannaireacht agus bainistíocht an chúrsa go han-mhaith.

Príomh-mholtaí

- B'fhiú deiseanna níos mó a thabhairt do na scoláirí chun caint a dhéanamh eatarthu féin i ranganna na maidine, nó glacadh le haiseolas níos mó i ndiaidh obair ghrúpa, mar a bhíothas a dhéanamh sna ceachtanna ab fhearr.
- Moltar spás ama níos mó a chur i leataobh roimh dheireadh an cheachta ar mhaithe leis an bhfoghlaim a athbhreithniú agus a atreisiú.

CÁILÍOCHT AN TEAGAISC AGUS NA FOGHLAMA

- Bhain cleachtas éifeachtach le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh agus bhí láidreachtaí suntasacha go feiceálach i gcásanna ar leith, ranganna sinsearacha go háirithe.
- Bhí fallaí na seomraí ranga maisithe go maith le heochairfhocail, seanfhocail agus nathanna cuiditheacha.
- Bhí béim sa teagasc ar an teanga labhartha a chothú agus a fhorbairt leis na scoláirí, tosaíocht a bhí le moladh go mór.
- Ó thaobh na foghlama de bhí fianaise shoiléir le feiceáil sna ceachtanna ba bhisiúla ar dhul chun cinn suntasach. Léirigh scoláirí sinsearacha go háirithe fonn agus inniúlacht chun cainte a bhuíochas ar dhea-straitéisí ranga a bhí á gcleachtadh. Cuireadh dúshlán cuí roimh na scoláirí, iad siúd ba chumasaí ina measc, chun iad féin a chur in iúl ó bhéal agus plé a dhéanamh ag leibhéal a bhí líofa agus éilitheach araon.
- Ar na heiseamláirí ab fhearr den chumas labhartha á fhorbairt ag na scoláirí, bhí cluichí díospóireachta ar thopaicí comhaimseartha a raibh spéis ag na scoláirí iontu. B'éigean rogha láithreach a dhéanamh labhairt ar son, nó in éadan, an rúin agus fianaise a lua mar thaca lena gcuid argóintí; bhí torthaí thar a bheith fónta ar an gcur chuige éilitheach seo ón gcumas a léirigh scoláirí sinsearacha sa phlé.
- Sa chás ab fhearr, scríobhadh spriocanna foghlama an cheachta amach go soiléir agus rinneadh atreisiú dearfach ar an bhfoghlaim roimh dheireadh an cheachta ag teacht le moltaí a rinneadh i dtuairisc chigireachta cheana.

- Díríodh aird go sármhaith ar an bhfeasacht teanga, ar phointí coitianta gramadaí, ar nathanna coitianta, agus ar na canúintí éagsúla.
- Bhí tuiscint na scoláirí sinsearacha ar fhocail éagsúla sna trí mhórchanúint ar ardcháilíocht a bhuíochas ar an gcleachtadh éifeachtach sa rang. Ar na focail chanúnacha a mb'éigean leaganacha díobh a sholáthar ó na canúintí eile bhí: *fá dtaobh de; achan; scaifte; bomaite; fá choinne; tchífídh, girseach, ag stopadh, falsa, an dtig liom?, fosta*.
- Bhí sé le moladh go raibh taifid scríofa ag na múinteoirí ar mheastóireacht rialta ar dhul chun cinn na scoláirí sa teanga ó sheachtain go seachtain ar an gcúrsa.
- Bhí acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar fáil sna ranganna ar fad; baineadh úsáid theoranta astu ar mhaithe le stór focal nua a bhí scríofa amach roimh ré a thaispeáint, pointí gramadaí a mheabhrú agus míreanna cluastuisceana a chasadh. Chuidigh na hacmhainní seo leis an bhfoghlaim sa cheacht agus sábháladh go leor ama dá mbarr. Cé nach raibh seo i gceist lá na cigireachta, tuigtear go n-úsáidtear ábhar ó chláir TG4 ó am go chéile sna ranganna, cleachtas a bheadh tairbheach.
- B'fhiú deiseanna níos mó a thabhairt do na scoláirí chun caint a dhéanamh eatarthu féin, nó glacadh le haiseolas níos mó i ndiaidh obair ghrúpa, mar a bhíothas a dhéanamh sna ceachtanna ab fhearr.
- Moltar spás ama níos mó a chur i leataobh roimh dheireadh an cheachta ar mhaithe leis an bhfoghlaim a athbhreithniú agus a atreisiú.

CÁILÍOCHT EISPÉIREAS NA SCOLÁIRÍ AR THEANGA AGUS CULTÚR NA GAEILGE

- Bhain na scoláirí an-taitneamh agus an-tairbhe as na himeachtaí iarnóna dea-eagraithe a bhain le ceol, amhráin agus rincí Gaelacha a bhlaiseadh ar bhealach taitneamhach; ba í teanga agus cultúr na Gaeilge dlúth agus inneach an chúrsa.
- Chuir idir mhúinteoirí, chinnirí agus scoláirí an-iarracht isteach sna himeachtaí cultúrtha; bhí labhairt na Gaeilge ar bhealach nádurtha go mór i dtreis i measc na scoláirí agus bhí atmaisféar dearfach, taitneamheach le brath.
- Bhí na cinnirí an-chuiditheach sna himeachtaí iarnóna rud a chuidigh go mór le caint a spreagadh i measc na scoláirí agus dea-atmaisféar a choinneáil i réim.

CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA

- Bhí cáilíocht cheannaireacht agus bainistíocht an chúrsa go han-mhaith; bhí ardmheanma i réim i measc na scoláirí, na gcinnirí agus na múinteoirí a bhuíochas ar chumarsáid údaráis an choláiste le baill uile an chúrsa a bhí dearfach agus éifeachtach.
- Bhain láidreachtaí le dearbhú an choláiste ar dhíograis na scoláiri ar nós chóras 'dalta na seachtaine', an mhonatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na scoláirí, teastas deireadh an chúrsa agus an nuachtlitir sheachtainiúil 'An Focal'.
- Bhí príomhoide an chúrsa láneolach ar riachtanais an chúrsa agus inniúil ar dhea-eagar a chinntiú i gcúrsaí riaracháin agus i mbainistiú acmhainní daonna.
- Bhí plean oibre an chúrsa 2016 ar fáil a thug treoir ghinearálta maidir le hábhar, aidhmeanna, siollabas agus nósanna imeachta eagrúcháin an chúrsa; níor mhiste cóipeagarthóireacht a dhéanamh ar an bplean d'fhonn cruinnlitriú Gaeilge a chinntiú.
- Thug údaráis an chúrsa Gaeilge deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag coiste stiúrtha an choláiste le polasaí maidir le caomhnú leanaí, faoi mar a éilíonn na forálacha i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011), agus go bhfuil cleachtas an chúrsa Gaeilge ag teacht lena n-éilítear faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011).

- Bhí cóipeanna den ráiteas sláintíochta agus slándála, cód iompraíochta agus polasaí frithbhulaíochta ar fáil. Bhí eolas ag na scoláirí ar oifigeach sláinteachais agus slándála an chúrsa cé nach raibh an t-ainm cláraithe i bplean an choláiste don chúrsa Gaeilge.
- Tugadh aird ar an bpríomh-mholadh sa tuairisc chigireachta dheiridh.

Tugadh deis do choiste stiúrtha an choláiste Gaeilge a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón gcoiste stiúrtha.

Foilsíthe Márta 2017